

Eleathanach235

Dé Luain 23 Bealtaine 2016

Lá Breithe ag Droichead Cáiliúil

Tá clú agus cáil ar Dhroichead na Leathphingine - an Ha'penny Bridge - i gcoílár chathair Bhaile Átha Cliath. Droichead na Life nó The Liffey Bridge an t-ainm oifigiúil atá air. Nascann sé tuaisceart agus deisceart na cathrach le chéile.

Is droichead do choisithe é. Ciallaíonn coisithe daoine atá ag siúl. Fadó bhí ar na coisithe íoc as dul trasna Abhann na Life ar an droichead. Sin mar a fuair sé a leasainm.

An tseachtain seo caite bhí an droichead álainn seo ar an nuacht mar tá sé dhá chéad bliain d'aois. Tá sé déanta as iarainn. Thosaigh daoine ag úsáid an Ha'penny Bridge i mí Bealtaine 1816.



Tá coisithe le feiceáil sa ghrianghraf seo



Comórtas Pro 12

Bhí a lán spóirt ann ag an deireadh seachtaine. Sa chomórtas Pro12 sa rugbaí bhuaigh Connacht ar na Glasgow Warriors, ó Ghlaschú in Albain.

An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Connacht 16-11 Glasgow Warriors. Bhí an cluiche ar siúl i nGaillimh Dé Sathairn. Anois beidh Connacht sa chluiche ceannais i gcoinne Cúige Laighean.

Corn FA

I gCorn an FA i Londain i Sasana bhuaigh Manchester United ar Crystal Palace leis an scór 2-1. Bhí an cluiche ar siúl i Wembley.

Mheas a lán daoine nach raibh an cluiche rómhaith ach bhí na cúil go hiontach. Chríochnaigh an cluiche féin ar comhscór (1-1) agus bhí leathuair an chloig d'am breise ag teastáil chun na foirne a scaradh óna chéile.

Chríochnaigh Manchester United le deichniúr imreoirí mar go raibh ar Smalling imeacht den pháirc nuair a fuair sé an dara cárta buí.

Bhí Louis Van Gaal agus Ryan Giggs an-sásta nuair a bhuaigh Manchester United. Bhí Alex Ferguson i láthair ag an gcluiche.



Bhí an-áthas ar Anthony Stokes!

Hibernian agus Glasgow Rangers

Sa sacar bhuaigh Hibernian ó Dhún Éideann ar Rangers ó Ghlaschú i gcrabhccluiche na hAlban leis an scór Hibernian 3-2 Glasgow Rangers.

Seo an chéad uair riamh a bhuaigh Hibs an corn seo. Tá Hibernian 114 bliain ag iarraidh Corn na hAlban a bhuanach.

Agus chabhraigh fear as Baile Átha Cliath leo; fuair Anthony Stokes (sa ghrianghraf) an chéad dá chúl do Hibernians. Fuair siad an tríú cúl in am cúitimh.